

Eleathanach313

Dé Luain 11 Feabhra 2019

D'éalaigh ainmhithe eile ón zú i mBéal Feirste!

Dé Sathairn d'éalaigh dhá shimpeansaí ón zú i mBéal Feirste. Bhí iontas an domhain ar chuirteoirí sa zú nuair a chonaic siad na simpeansaithe taobh amuigh den bhalla.

Rinne na simpeansaithe dréimire as géaga crainn. Bhí géaga na gcrann lag mar go raibh an aimsir an-ghaofar le déanaí. Ansin dhreap siad thar an mballa.

Bhí na coimeádaithe zú in aice leo agus bhí na simpeansaithe ar ais taobh istigh den bhalla go luath.

Cúpla seachtain ó shin d'éalaigh panda rua ón zú céanna. Bhí an panda imithe thar oíche agus bhí sé taobh amuigh den zú nuair a rug siad air.



Dhá shimpeansaí



Panda rua



Níos mó ná 200 emoji nua ag teacht!

Is pictiúr beag digiteach é an *emoji*. Baineann daoine úsáid as agus iad ag seoladh teachtaireachtaí fóin chuig daoine eile. Ar dtús ní raibh i gceist ach aghaidheanna le mothúcháin éagsúla orthu ach tá líon na *emoji* ag méadú. Bíonn lá ann gach bliain fiú chun an *emoji* a cheiliúradh, an 17 Iúil.

An tseachtain seo caite d'fhógair *Emojiopedia* go mbeadh 230 *emoji* nua ag teacht go luath. Níl dáta cinnte ann don seoladh go fóill.

I measc na *emoji* nua beidh ainmhithe ann, an t-éan bándearg, mar shampla; an lasairéan. Beidh aghaidh duine ag méanfach freisin!

Beidh cathaoir rotha, áis éisteachta ar chluas, agus *emoji* a léiríonn duine ag úsáid teanga chomharthaíochta. Deir muintir *emoji* go bhfuil siad ag iarraidh an pobal go léir a chur san áireamh.



Lego Movie 2 sa phictiúrlann

Tá an scannán *The Lego Movie 2* sa phictiúrlann anois. In 2014 bhí an chéad scannán ann sa tsraith seo. Bhí rudaí go breá ag deireadh an scannáin.

Sa scannán nua tá *Lego Duplo* sa spás agus iad ag ionsaí *Bricksburg*. Tá muintir *Lego* ag iarraidh an chathair a chosaint.

Tá na carachtair chéanna ar ais sa scannán seo don chuid is mó.

Cruthaíonn Emmet spáslong le turas a dhéanamh. Téann Emmet, Lucy agus a gcairde ar thuras timpeall na cruinne agus tarlaíonn imeachtaí difriúla dóibh.

An éiríonn leo *Bricksburg* a chosaint? Beidh ort breathnú ar an scannán!

